


# Tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh

## Nuashonrú Earrach 2021

EIRGRID

Todhchaí fuinnimh níos glaine a bhaint amach

# Tá Foireann Teagmhála EirGrid réidh chun an comhrá a choinneáil ar bun.



**Oifigeach Teagmhála Talmhaíochta**
Aidan Naughton
086 172 0156



**Oifigeach Teagmhála Pobail**
Eoghan O' Sullivan
087 247 7732

IDA Ireland

***Tá ríthábhacht le bonneagar cuí chun go gcoinneoidh Éire a hiomaíochas idirnáisiúnta ar bun. Ní mór dúinn timpeallacht a choinneáil ar bun atá fabhrach do ghnó a dhéanamh – agus tá cumas fuinnimh tráchtála dóthanach mar chuid lárnach de sin. Fáiltíonn ÚFT Éireann le haidhm shonraithe EirGrid a bhaineann leis an earnáil leictreachais a aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite ísealcharbóin.***

***Cuid thábhachtach den straitéis sin é tionscadal Chonnacht Thuaidh, lena soláthraítear an bonneagar leictreachais riachtanach a cheanglaíonn earnáil na tionsclaíochta ar fud Chonnacht Thuaidh tríd an bhfuinneamh in-athnuaite, lena gcinntítear daingneacht an tsoláthair do chustaiméirí agus do ghnólachtaí ar fud Mhaigh Eo, Shligigh agus Ros Comáin.***

**Martin Shanahan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚFT Éireann.**

# Cad is EirGrid ann – agus cad a dhéanaimid?

Déanann EirGrid pleananna le haghaidh thodhchaí eangach leictreachais na hÉireann agus oibríonn sé gach nóiméad de gach lá í. Baineann idirnascadh le heangacha máguaird leis sin chomh maith le reáchtáil an mhargaidh leictreachais mórdhíola. Cinntímid go mbíonn cumhacht ag gach duine nuair atá siad ina call, agus sin ar an bpraghas is fearr ó thaobh luach ar airgead de. Tríd an eangach, déantar cumhacht a thabhairt go sábháilte ó ghineadóirí chuig gréasán BSL lena soláthraítear leictreachas do gach teach, feirm, pobal agus gnóthas in Éirinn. Ina theannta sin, tríd an eangach tugtar cumhacht go díreach chuig úsáideoirí móra fuinnimh ar nós ionaid déantúsaíochta agus sonraí ardteicneolaíochta.

Mar chuid dár ról, breathnaímid ar bhealaí chun bonneagar leictreachais réigiúnach a fheabhsú lena chinntiú gur féidir freastal ar an éileamh méadaitheach leis sin agus tacú le fás earnáil na tionsclaíochta réigiúnaí.

## Maidir leis an nuashonrú seo

Tá an nuashonrú seo dírithe ar pháirtithe leasmhara, pobail, úinéirí talún agus baill den phobal ar mian leo faisnéis bhreise a fháil faoin tionscadal seo.

Is é is cuspóir don doiciméad seo faisnéis a sholáthar faoi thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh agus tacú leis an bpobal trí Chéim 4 ina gcinntear an áit dhíreach ar cheart dúinn tógáil.

Sa doiciméad seo, soláthraítear faisnéis atá cothrom le dáta faoin tionscadal. Mar chuid de sin, tá an méid a foghlaimíodh faoin tionscadal go n-uige seo, agus an rogha is feidhmiúla atá ag teacht chun cinn don tionscadal, bunaithe ar ár measúnuithe go dtí seo, san áireamh.

## Príomhfhíricí

**Iomaíocht**
Brú anuas a chur i bhfeidhm ar chostas an leictreachais do thomhaltóirí

**Inbhuanaitheacht**
Cuidiú le haistriú na hÉireann chuig todhchaí fuinnimh ísealcharbóin a éascú

**Daingneacht an tSoláthair**
Daingneacht fheabhsaithe an tsoláthair do thomhaltóirí leictreachais Éireannacha

**Tairbhí Eacnamaíocha**
Cuidiú le tacú le fás earnáil na tionsclaíochta réigiúnaí

## Cén fáth a bhfuil gá le tionscadal Chonnacht Thuaidh?

Ó 2020, is ó fhoinsí in-athnuaite a thagann thart ar 40% den leictreachas a úsáidimid faoi láthair in Éirinn gach bliain. Le Plean Gníomhaithe an Rialtais ar son na hAeráide, a foilsíodh in 2019, socraíodh an sprioc maidir le 70% d'ídiú leictreachais a bhaint amach trí fhoinsí fuinnimh in-athnuaite faoi 2030. Tá tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh ar cheann de na príomhchumasóirí chun na huaillmhianta sin a bhaint amach.

Trí thionscadal Fhuinneamh In-athnuaite 110 kV Chonnacht Thuaidh, cuirfear le cuspóir an rialtais a bhaineann le todhchaí fuinnimh ísealcharbóin a chinntiú. I láthair na huaire, gintear cuid mhór leictreachas in-athnuaite le feirmeacha gaoithe i réigiún Chonnacht Thuaidh agus tá níos mó díobh pleanáilte do na blianta atá le teacht. Is mó i bhfad leibhéal na giniúna in-athnuaite sa réigiún ná leibhéal cumais an ghréasáin leictreachais áitiúil.

Fágann sin gurbh éigean dúinn bealaí a mheas chun feabhas a chur ar an mbonneagar leictreachais sa réigiún. Tá oibleagáid dhlíthiúil ar EirGrid nascadh a dhéanamh idir lucht ginte leictreachais. Fágann sin nach mór dúinn an eangach a fhorbairt mar fhreagra ar phleananna le haghaidh giniúint leictreachais nua, ar nós na bhfeirmeacha gaoithe thuasluaite.

## Tairbhí Eacnamaíocha

Cé go bhfuil tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh á fhorbairt go príomha chun tacú le giniúint fuinnimh in-athnuaite sa réigiún, fónann sé freisin chun fás eacnamaíoch a éascú go háitiúil, i bhfoirm tionscail nua. Tá ríthábhacht le bonneagar láidir chun go leanfaidh Éire de bheith ag forbairt a tionscail réigiúnaigh ar fud na tíre agus dá hiomaíochas idirnáisiúnta a choinneáil ar bun.

## Cad atá i gceist le tionscadal Chonnacht Thuaidh?

Is éard a bhí i gceist lenár dtogra bunaidh in 2012, forbairt mhórscála chun an leibhéal giniúna in-athnuaite a bhí beartaithe an tráth sin a éascú. Mar sin féin, faoi mhí an Mheithimh 2017, thit an méid giniúna in-athnuaite a bhí beartaithe sa réigiún faoina leath agus mheasamar go bhféadfaí freastal ar mhéid laghdaithe an fhuinnimh in-athnuaite trí fhorbairt ar scála níos lú. Is mar sin atá an scéal go fóill agus táimid ag dul ar aghaidh anois le tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh.

Is éard atá i gceist leis an tionscadal atá beartaithe:

- Ciorcad tarchuir nua beartaithe, idir dhá fhostáisiún atá ann cheana féin (fostáisiún sa Mhaigh i gContae Mhaigh Eo agus fostáisiún sa Tóin Rua i gContae Ros Comáin), agus
- Uasghrádú ar fhad 32 ciliméadar, nó mar sin, den líne lasnairde atá ann cheana féin idir fostáisiúin na Tóna Rua agus Choillín an Triain i gContae Ros Comáin.

Tá an líne OHL atá ann cheana féin idir fostáisiúin ag an Tóin Rua agus Coillín an Triain (Cora Droma Rúisc) i bhfeidhm cheana féin, agus ní thiocfaidh athrú ar a hailíniú mar chuid den uasghrádú atá beartaithe.

## Cad a tharla go dtí seo?


Ó 2017, tá EirGrid i mbun caidrimh leis an bpobal faoi thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh.

Sna céimeanna tosaigh de Chéim 4, chuir foireann an tionscadail anailís mhionsonraithe i gcrích agus shainaithin sí seacht gcinn de chonairí sonracha laistigh den limistéar staidéir a fhéadfaidh a bheith indéanta chun an tionscadal a fhorbairt. Mar chuid de na roghanna, áiríodh ceithre chonair líne lasnairde agus trí cinn de chonairí cábla faoin talamh.


Ón 14 Meán Fómhair go dtí an 11 Nollaig 2020, chuaigh EirGrid i mbun comhairliúcháin maidir le tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh. Bhí sé beartaithe ó thús go dtiocfadh deireadh leis an gcomhairliúchán an 16 Samhain ach cuireadh leis chun deis bhreise a thabhairt do dhaoine freagra a thabhairt ar an gcomhairliúchán, faoi mar a d'fhéachamar le dul i ngleic leis na dúshláin a bhain le paindéim COVID-19.

Cuireann an t-aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin leis an anailís ilchritéar fhoriomlán atá mar chuid den phróiseas cinnteoireachta trínar féidir le EirGrid an rogha is feidhmiúla atá ag teacht chun cinn, chomh maith leis an rogha is feidhmiúla do thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh ar deireadh thiar, a shainaithint.

***In 2020, bhí an t-éileamh ar leictreachas dhá oiread níos mó ná an méid a úsáideadh in 1990. Tiocfaidh méadú ar an éileamh sin arís – agus go mór – sna chéad deich mbliana eile! I láthair na huaire, tagann thart ar 40% den leictreachas a úsáidtear ar feadh na bliana ó ghiniúint in-athnuaite. Is céim chun tosaigh í an sprioc 70% i dtreo bhaint amach an chuspóra deiridh, is é sin astuithe carbóin glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050.***



# An staid ina bhfuilimid anois




## Céim 4

Leanann EirGrid cur chuige sé chéim i leith tionscadail leictreachais a phleanáil. Tríd an gcur chuige sin, treoraítear an chaoi a dtéimid i mbun caidrimh agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus pobail, a mbreathnaímid ar gach rogha fhéideartha agus a ndéanaimid cinntí níos eolasaí.

Tá tionscadal Chonnacht Thuaidh ag dul i dtreo dheireadh Chéim 4 maidir leis an bpróiseas seo anois. Is é an cuspóir atá againn sa chéim seo measúnú a dhéanamh ar cén áit go díreach is cuí an tionscadal a thógáil inti. Bhí tionchar nach beag ag an gComhairliúchán poiblí le Páirtithe leasmhara ar feadh fhorbairt an tionscadail. Leanamar de bheith ag obair go dlúth le muintir na háite chun tuiscint a fháil ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an tionscadal orthu agus ar an gcaoi ar féidir linn é a shuí agus a dhearadh chun cineálacha tionchair áitiúla a laghdú. Lean ár gcomhairliúchán mar chuid de Chéim 4 ar aghaidh ón 14 Meán Fómhair go dtí an 11 Nollaig 2020 agus faoin gcéim sin, d'fhéachamar le haiseolas a fháil go foirmiúil ar na roghanna gearrliostaithe le haghaidh an tionscadail.

Rinneadh an t-aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin phoiblí a mheas go cúramach i dteannta ár n-anailíse. Fuarthas 654 freagra comhairliúcháin ar an iomlán.


Mar chuid díobh sin, áiríodh trí achainí le 1,464 síniú ar an iomlán. As measc na bhfreagróirí, bhíothas go mór i bhfabhar roghanna conaire cábla faoin talamh. Rinneamar staidéar ar na freagraí ar an gcomhairliúchán , rud a thug deis dúinn tuiscint a fháil ar na hábhair imní a d'ardaigh daoine agus measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis nua faoi na roghanna beartaithe.

D'ardaigh na freagróirí roinnt téamaí comónta:

- An Tírdhreach agus Saincheisteanna Amhairc
- An tSláinte, an tSábháilteacht agus EMF
- Maoiniú Pobail
- An Comhshaol, an Éiceolaíocht agus an Fiadhúlra
- Oidhreacht Chultúrtha
- Cur isteach ar an Trácht agus ar Bhóithre
- Forbairt Amach Anseo

I mí Feabhra 2021, foilsíodh tuarascáil ar an gcomhairliúchán sin agus is féidir teacht uirthi ag: http://www.eirgridgroup.com/site-files/library/EirGrid/North-Connacht-Step-4-Consultation-Report.pdf


Is féidir amharc ar na doiciméid ghaolmhara uile ag: http://www.eirgridgroup.com/NorthConnachtProject



## Critéir Mheasúnaithe

Gach ceann de na 4 Rogha maidir le Líne Lasnairde agus de na 3 Rogha maidir le Cábla faoin Talamh a sainaithníodh, rinneadh meastóireacht orthu de réir an mheasúnaithe ilchritéar seo a leanas:

- Feidhmíocht theicniúil,
- Feidhmiú eacnamaíoch,
- Feidhmíocht chomhshaoil
- Feidhmíocht shóisialta; agus
- Inseachadtacht.




Chun teacht ar shonraí faoi na meastóireachtaí iomlána a rinneadh chun an Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht chun Cinn a shainaithint, is féidir féachaint ar thuarascáil Chéim 4B (http://www.eirgridgroup.com/site-files/library/EirGrid/Step-4B-Development-Option-and-Evaluation-Report_FINAL.pdf), atá le fáil ar shuíomh gréasáin EirGrid.

**Chun an Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht chun Cinn a shainaithint, rinneadh na cúig phríomhchritéar seo a leanas a mheas agus a chur sa mheá: feidhmíocht theicniúil, eacnamaíoch, chomhshaoil, shóisialta agus inseachadtacht. Tar éis thorthaí an phróisis athbhreithnithe a athbhreithniú agus a mheas ó thaobh ilchritéar de, sainaithníodh rogha 2 maidir le cábla faoin talamh mar an Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht chun Cinn le haghaidh thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh.**

## Cad a tharlóidh anois?


As seo go ceann cúpla mí eile, is gá dúinn leanúint dár n-anailís, suirbhéanna a dhéanamh ar an talamh agus dul i mbun caidrimh le húinéirí talún agus le páirtithe leasmhara chun bealach cábla sonrach a bhunú laistigh den chonair sin.

Bíodh is gur léir ónar n-anailís gur trí Rogha 2 a thugtar na deiseanna is fearr le haghaidh bealach cábla, is amhlaidh atá dúshláin áirithe ag baint leis an gconair sin agus, dá dheasca sin, is féidir go gcuirfear isteach go sealadach ar thaitneamhachtaí cónaithe agus ar sheirbhísí eile mar gheall ar shocrú bealaigh cábla féideartha trí bhailte éagsúla nó timpeall orthu cosúil le Béal an Átha, Béal Átha na Muice agus Bealach an Doirín, i dteannta trasbhealaí casta ar an Muaidh.

I mBéal an Átha mar shampla, is féidir go mbeidh cur isteach i gceist chun trasbhealach abhann a éascú sa bhaile nó gar dó sin. Tá EirGrid tiomanta do mheasúnuithe breise a dhéanamh sna míonna atá le teacht chun roghanna cábla indéanta a shainaithint laistigh agus lasmuigh de cheantair an bhealaigh a ndearnadh go leor tógála iontu, rud a laghdóidh a oiread agus is féidir an cur isteach sealadach le linn chéim tógála an tionscadail. Le linn an ama sin, labhróimid le húinéirí talún, le húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara eile faoi mar a fhorbraímid bealach cábla indéanta feadh na Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht chun Cinn.

Agus roghanna á meas le haghaidh an trasbhealaigh abhann i mBéal an Átha, is féidir gur hibrid de Roghanna Conaire faoin Talamh 1 agus 2 a bheidh sa bhealach ar deireadh thiar. Léirítear thall an hibrid sin sa chuid mhaolánaithe den léarscáiliú a bhaineann leis an Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht chun Cinn agus is féidir amharc air sin ar dhóigh níos mionsonraithe ar ár suíomh gréasáin: http://www.eirgridgroup.com/NorthConnachtProject

# Bealach don Chábla faoin Talamh




Tá léarscáileanna níos mionsonraithe ar fáil. Déan teagmháil linn má bhíonn ceann ag teastáil uait.

Tugann EirGrid tús áite d'úsáid an ghréasáin bóithre más féidir. Tá plé leanúnach ar siúl le príomhpháirtithe leasmhara cosúil le Bonneagar Iompair Éireann agus le húdaráis áitiúla agus leanfar de sin sna míonna atá amach romhainn sula mbeimid in ann bealach cábla sonrach a dheimhniú don tionscadal.

Nuair a bheidh bealach sainaitheanta, tabharfaimid ar aghaidh chuig an bpróiseas pleanála é mar an Rogha is Feidhmiúla. Sna seachtainí agus sna míonna atá amach romhainn, féachfaidh ár bhfoireann teagmhála, i gcomhréir le srianta COVID-19, le cumarsáid a dhéanamh agus le dul i mbun caidrimh leo siúd feadh na roghanna don bhealach cábla. Is féidir linn foinse leictreachais atá sábháilte, slán agus iontaofa a bhaint amach do chách ach oibriú le chéile. Ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh lenár bhfoireann má bhíonn aon cheisteanna agat nó más mian leat aon fhiosrú a dhéanamh maidir leis an tionscadal.

# Suiteáil bealaigh cábla faoin talamh

Déantar an tsuiteáil i dtrí chéim:

1. Ullmhú trinse agus suiteáil duchtanna plaisteacha.
2. Cábla cumhachta a chur sna duchtanna agus oibreacha gaolmhara.
3. Siúntáil stráicí cábla.

**Céim 1 – Ullmhú trinse agus suiteáil duchtanna leictreachais plaisteacha**

Leagtar duchtú plaisteach sa trinse ar dtús (Figiúr 6). Déantar an duchtú a leabú ar ghaineamh agus a thimpeallú ansin le coincréit meascáin sheang. Tugtar na cáblaí chuig an suíomh i bhfaid suas le 750m agus is gá iad a cheangal le chéile ar an suíomh chun cábla leanúnach a chruthú ó cheann ceann. Déantar sin i struchtúir ar a dtugtar bánna siúntála a shuiteáiltear faoin talamh ag achair sheasta a chomhfhreagraíonn d'fhad an chábla.

Suiteáiltear bánna siúntála ag an gcéim seo den tionscadal lena n-úsáid ina dhiaidh sin le haghaidh suiteáil cábla agus siúntáil cábla. Déantar tíleanna rabhaidh phoiblí a shuiteáil thar na duchtanna chun oibrithe tógála a bheidh ann san am atá le teacht a chur ar a n-airdeall agus an bóthar á réabadh acu. Tabhair faoi deara gur cheart teagmháil a dhéanamh le EirGrid roimh aon oibreacha tógála atá beartaithe in aice na gcáblaí faoin talamh. Nuair a bheidh an obair sin curtha i gcrích, athchóireofar an bóthar de réir cheanglais an údaráis bóithre.

**Céim 2 – Suiteáil an chábla sna duchtanna**

Ní chuireann na hoibreacha tógála a ghabhann leis an gcéim seo isteach chomh mór ar rudaí agus a chuireann leagan tosaigh na nduchtanna plaisteacha. Déantar na cáblaí a sheachadadh chuig an suíomh ar dhruma cábla agus seastán cábla (Figiúr 7) agus a tharraingt trí na duchtanna agus unlas cábla á úsáid.

Tá gá le dhá limistéar oibre, ceann ag gach taobh le haghaidh gach stráice cábla. Beidh gá leis an gcéad limistéar oibre le haghaidh an druma cábla agus an tseastáin cábla agus beidh gá leis an limistéar oibre eile le haghaidh an mhótarunlais. Nuair a bheidh an cábla suiteáilte, déanfar an cábla a bhearradh agus a shéalú laistigh den ducht.

**Céim 3 – Siúntáil na nasc cábla**

Ní mór na stráicí cábla aonair a nascadh i bpróiseas ar a dtugtar siúntáil. Teicneoirí a bhfuil oiliúint speisialta faighte acu a dhéanann an obair sin i gcoimeádáin, ar a dtugtar botháin siúntála, nó i bpuball siúntála i dtimpeallacht rialaithe chun iontaofacht gach siúnta a chinntiú.


Céim 1


Céim 2


Céim 2


Céim 3

# Ciste pobail




Oibreoidh EirGrid le saineagraíocht a thugann deontais chun a chinneadh cén chaoi ar cheart an ciste seo a bhainistiú agus a chaitheamh. Ar an dóigh sin, cinnteofar gur rannpháirtí seachas cinnteoir é EirGrid sa phróiseas. Fágfaidh sin go mbeimid in ann oibriú go dlúth agus i gcomhar le pobail fad atá an ciste á éascú ag comhlacht neamhspleách. Fáiltímid roimh gach smaoineamh agus go deimhin aon smaoineamh faoin mbealach is fearr is féidir ciste pobail a chur i bhfeidhm sa phobal.

Le linn na tréimhse comhairliúcháin, fuaireamar mórán smaointe agus moltaí ón bpobal faoin gcaoi a bhféadfadh an chomharsanacht tairbhiú de Chiste Chonnacht Thuaidh.
Mhol baill éagsúla den phobal gur cheart íoc as áiseanna pobail nua tríd an gciste pobail nó gur cheart cur le cothabháil na n-áiseanna pobail atá ann cheana féin tríd sin. Seo a leanas cúpla sampla de na moltaí a fuarthas:

- áit súgartha do pháistí;
- caifé pobail;
- ionad pobail nó halla pobail;
- ionad comhdhála óstáilte imeachtaí;
- spásanna oibre comhionaid;
- Scéim um Fheabhsú Sráidbhaile;
- Ceantair chaomhnaithe a mhaoiniú don fhiadhúlra; agus
- cothabháil ar na siúlóidí lúibe.

Ní féidir an luach deiridh a chinneadh ach amháin nuair atá Céim 4 dár bpróiseas curtha i gcrích.

Deimhneoimid luach iomlán agus feabhsaithe na scéime agus bunóimid Fóram Pobail Chonnacht Thuaidh nuair a bheidh cead pleanála iomlán faighte don tionscadal. Déanfaidh an grúpa an scéim um thairbhe an phobail a stiúradh agus a mhúnlú. Ina theannta sin, beidh baill den phobal áitiúil, ó na pobail a bhfuil tionchar ag an tionscadal orthu, mar bhaill den ghrúpa. Tabharfaidh cathaoirleach neamhspleách agus riarthóir ciste tacaíocht dó sin.

Sula scaoilfear an ciste, foilseoidh EirGrid sraith treoirlínte agus óstálfaidh sé tráthnóna seolta chun an ciste a oscailt le haghaidh iarratas. Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig:
www.eirgridgroup.com/about/in-the-community/community-fund/





**Céim 1** Conas a dhéanaimid na riachtanais a bheidh ann amach anseo maidir leis an eangach leictreachais a shainaithint?

**Céim 2** Cé na teicneolaíochtaí trínar féidir freastal ar na riachtanais sin?

**Céim 3** Cad í an rogha is fearr agus cén ceantar a bhféadfaí tionchar a imirt air?

**Céim 4** Cén áit go díreach ar cheart dúinn tógáil?

**Céim 5** An próiseas pleanála

**Céim 6** Tógáil, fuinnmhiú agus comhroinnt tairbhí

# **Céim 4** Sracfhéachaint

## Achoimre

I dtús Chéim 4, chuir foireann an tionscadail anailís bhreise i gcrích agus shainaithin sí seacht gcinn de chonairí féideartha laistigh den limistéar staidéir chun an tionscadal a fhorbairt. Mar chuid de na roghanna, áiríodh ceithre chonair líne lasnairde agus trí cinn de chonairí cábla faoin talamh. (Féach ár ndoiciméad Bróisiúr Chonnacht Thuaidh – Samhradh 2020 le haghaidh breis sonraí).

Idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2020, reáchtáil EirGrid comhairliúchán poiblí forleathan agus d'fháiltigh sé roimh thuairimí, ceisteanna agus aiseolas ginearálta faoi gach ceann de na seacht rogha atá beartaithe le haghaidh an tionscadail.

Le haiseolas an chomhairliúcháin sin, i dteannta staidéar breise teicniúil, eacnamaíoch, comhshaoil agus socheacnamaíoch, sainaithníodh rogha faoin talamh 2 mar an Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht chun Cinn. Tá cuid bheag de rogha faoin talamh 1 á tabhairt ar aghaidh freisin le haghaidh staidéar deiridh le linn Chéim 4, agus sin chun breathnú ar roghanna trasbhealaí ar an Muaidh, ar an taobh ó dheas de Bhéal an Átha. Sna seachtainí agus sna míonna atá amach romhainn, féachfaidh ár bhfoireann teagmhála, i gcomhréir le srianta COVID-19, le cumarsáid a dhéanamh agus le dul i mbun caidrimh leo siúd feadh na roghanna don bhealach cábla.

## Cá fhad a thógfaidh sin?

Go Samhradh 2021.

## Cad is féidir leat a dhéanamh chun faisnéis bhreise a fháil?

Is féidir linn foinse leictreachais atá sábháilte, slán agus iontaofa a bhaint amach do chách ach oibriú le chéile. Ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh lenár bhfoireann má bhíonn aon cheisteanna agat nó más mian leat aon fhiosrú a dhéanamh maidir leis an tionscadal.

Más mian leat tuilleadh faisnéise a fháil faoin tionscadal seo, nó má bhíonn aon cheisteanna nó tuairimí agat, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn trí na sonraí teagmhála atá liostaithe ar an mbróisiúr seo.

## Cad a chinneamar i ndeireadh na céime seo?

I ndeireadh Chéim 4, beidh an Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht chun Cinn roghnaithe againn don tionscadal, rud a thabharfar ar aghaidh chuig an bpróiseas pleanála i gCéim 5.

**Is mian linn cloisteáil uait. Dá mba mhian leat aiseolas a thabhairt ar an tionscadal seo, nó níos mó faisnéise a fháil, déan teagmháil le: +353 (0)1 677 1700, nó northconnachtproject@eirgrid.com**

**Is féidir leat teagmháil a dhéanamh freisin lenár nOifigeach Teagmhála Pobail, Eoghan O'Sullivan ar: +353 87 247 7732 nó eoghan.osullivan@eirgrid.com nó lenár nOifigeach Teagmhála Talmhaíochta, Aidan Naughton ar: +353 86 172 0156 nó aidan.naughton@eirgrid.com**



# Na chéad chéimeanna eile

Sna seachtainí agus sna míonna atá amach romhainn, féachfaidh ár bhfoireann teagmhála, i gcomhréir le srianta COVID-19, le cumarsáid a dhéanamh agus le dul i mbun caidrimh leo siúd atá laistigh de chonair na Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht chun Cinn. Is féidir linn foinse leictreachais atá sábháilte, slán agus iontaofa a bhaint amach do chách ach oibriú le chéile.

Nuair a chuirfear an nascadh eangaí tarchuir nua seo i gcrích, cuideofar leis an méid seo a leanas: an soláthar leictreachais a áirithiú sa cheantar; an chumhacht agus an bonneagar, a lorgaíonn lucht tionscail nuair a shocraíonn siad bunú in aon cheantar, a sholáthar; agus iarrachtaí na hÉireann ár spriocanna maidir le hathrú aeráide a bhaint amach. Tríd an eangach tharchuir a ndéanaimid í a phleanáil, a bhainistiú agus a oibriú, tugtar cumhacht do gach teach, gnóthas agus feirm ar fud na tíre.

# Aiseolas

Déanfar an t-aiseolas a thiocfaidh ón gcomhairliúchán agus ón gcaidreamh sna míonna atá amach romhainn a mheas agus a anailísiú agus forbairt agus measúnú á ndéanamh ar bhealach cábla sonrach. Cuirfear Céim 4 i gcrích le tuarascáil ar Chéim 4C, lena ndeimhnítear an Rogha is Feidhmiúla agus an bealach gaolmhar do thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh atá le tabhairt ar aghaidh chuig Céim 5 (Pleanáil).

Is féidir leat teagmháil dhíreach a dhéanamh linn ar ríomhphost northconnachtproject@eirgrid.com nó glaoch a chur ar bhaill na foirne teagmhála a thugtar i dtús an bhróisiúir seo.

**Sonraí Teagmhála Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh**

**Guthán:**

**Eoghan O'Sullivan,** Oifigeach Teagmhála Pobail +353 (0)87 247 7732

**Aidan Naughton,** Oifigeach Teagmhála Talmhaíochta +353 (0)86 170 2156

**Foireann EirGrid um Chaidreamh le Custaiméirí** +353 (0)1 237 0472

**Ríomhphost:** www.eirgridgroup.com/NorthConnachtProject

**Bainisteoir Tionscadail,** Tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh, The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath D04 FW28, Éire

Clóite ar pháipéar athchúrsáilte